V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10755 – ADVENT / IRCA)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 240/07)

1. An 13 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— AI Tiramisù S.r.l. ("Bidco", an Iodáil), atá á rialú ag Advent International Corporation ("Advent", SAM),

— IRCA S.p.A. ("IRCA", an Iodáil), atá á rialú ag The Carlyle Group (SAM).

Gheobhaidh Advent rialú aonair ar IRCA ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh idirnáisiúnta é Advent atá lonnaithe i mBostún na Stát Aontaithe agus atá gníomhach maidir le bunanna cothromais a fháil agus maidir le cistí infheistíochta a bhainistiú in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear an cúram sláinte, an tionsclaíocht, an teicneolaíocht, an miondíol, earnáil na dtomhaltóirí agus na fóillíochta, agus seirbhísí gnó agus airgeadais. Ar cheann dá chuideachtaí punainne tá Caldic, dáileoir comhábhar feidhmiúil agus ceimiceán speisialtachta atá gníomhach san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise,

— Is cuideachta comhábhar bia é IRCA atá lonnaithe san Iodáil agus atá gníomhach i dtáirgeadh agus i ndíol ábhar leathchríochnaithe le haghaidh seacláide, báicéireachta (taosrán agus arán) agus *gelato*. Tá sé gníomhach san Iodáil den chuid is mó agus go pointe teoranta ar fud LEE agus an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le láimhseáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a láimhseáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10755 – ADVENT / IRCA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË